



SLÁINTE PHOIBLÍ

Tá méadú ar thábhacht an bheartais sláinte a bhuíochas do Chonradh Liospóin, mar a leagtar síos go ndéanfar ‘ardleibhéal cosanta le haghaidh sláinte an duine a áirithiú i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí uile an Aontais’. Tá an cuspóir sin le gnóthú trí thacaíocht ón gComhphobal do na Ballstáit agus tríd an gcomhar a chothú. Is leis na Ballstáit i gcónaí a luíonn an phríomhfhreagracht as cosaint sláinte agus, go háirithe, as córais chúram sláinte. Tá ról tábhachtach ag AE, áfach, maidir le feabhas a chur ar shláinte phoiblí, maidir le galair a chosc agus a bhainistiú, maidir le foinsí contúirte do shláinte an duine a mhaolú agus maidir le comhchuibhiú a dhéanamh ar straitéisí sláinte idir na Ballstáit. Chuir an tAontas beartas cuimsitheach chun feidhme go rathúil trína Straitéis Sláinte dar teideal ‘Sláinte i leith Fáis’ agus trí chlár gníomhaíochta na straitéise sin (2014-2020), chomh maith lena dhéanamh trí mholl de reachtaíocht thánaisteach. Maidir leis an leagan amach institiúideach atá ann faoi láthair chun tacú le cur chun feidhme, áirítear ann Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia an Choimisiúin (AS SANTE), chomh maith le gníomhaireachtaí speisialaithe, go sonrach an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) agus an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA).

BUNÚS DLÍ

Airteagal 168 CFAE.

CUSPÓIRÍ

Is iad na trí chuspóir straitéiseacha atá i mbeartas sláinte AE ná:

- Dea-shláinte a chothú — ar mhaithe le galair a chosc agus nósanna saoil sláintiúla a chur chun cinn trí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le cothú, gníomhaíocht choirp, alcól, tobac agus tógáil drugaí, rioscaí comhshaoil agus gortuithe. Agus méadú ag teacht ar líon na ndaoine scothaosta sa phobal, ní mór freisin aird níos mó a thabhairt ar na sainriachtanais sláinte atá ag daoine scothaosta;
- Na saoránaigh a chosaint ar bhagairtí sláinte — ar mhaithe le feabhas a chur ar fhaireachas agus ullmhacht i gcás eipidéimí agus bithsceimhlitheoireachta, agus méadú a dhéanamh ar an acmhainneacht freagairt do dhúshláin nua sláinte amhail athrú aeráide;



- Tacú le córais sláinte fhuinniúla — ar mhaithe le cabhrú le córais chúraim sláinte na mBallstát freagairt do na dúshlán a bhaineann le daonraí atá ag dul in aois, an méadú ar na hionchais atá ag saoránaigh, agus soghluaisteacht i measc othar agus gairmithe sláinte.

A BHFUIL BAINTE AMACH

D'eascair beartas sláinte AE as forálacha sláinte agus sábháilteachta agus tráth níos faide anonn rinneadh tuilleadh forbartha air mar thoradh ar shaorghluaiseacht daoine agus earraí sa mhargadh inmheánach, rud a d'fhág go raibh gá le comhordú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhain leis an tsláinte phoiblí. Trí chomhchuíbhíú ar bhearta chun an margadh inmheánach a chruthú, tháinig ann d'ardleibhéal cosanta a bhí mar bhunús do thograí i réimse na sláinte agus na sábháilteachta. Mar gheall ar thosca éagsúla, lena n-áirítear géarchéim na heinceifileapaite spúinsí bólachta (BSE) i dtreo dheireadh an fichiú haois, cuireadh sláinte agus cosaint an tomhaltóra go hard ar an gclár oibre polaitiúil. Mar fhreagairt air sin, ghabh Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia an Choimisiúin (AS SANTE) de chúram uirthi féin comhordú a dhéanamh ar na réimsí uile a bhain leis an tsláinte, lena n-áirítear táirgí íocshláinte. Is samplaí iad an comhdhlúthú ar ghníomhaireachtaí speisialaithe amhail an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) agus cruthú an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) de thiomantas méadaithe an Aontais i leith an bheartais sláinte. Tairbhíonn an tsláinte phoiblí freisin de ghníomhaíochtaí i réimsí beartais amhail an comhshaol agus bia, i measc réimsí go leor eile. Is táscairí maithe freisin iad teacht i bhfeidhm chreat REACH (le haghaidh substaintí ceimiceacha a mheas agus a chlárú) agus cruthú an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA) de na hiarrachtaí ildisciplíneacha atá ann chun feabhas a chur ar shláinte shaoránaigh na hEorpa.

A. Gníomhaíochtaí roimhe seo agus an comhthéacs

In ainneoin nach raibh bunús dlí soiléir ann, bhí forbairt tagtha ar an mbeartas sláinte poiblí i réimsí éagsúla sular tháinig an Conradh reatha i bhfeidhm. Orthu sin bhí:

- Cógais leighis: Tugadh reachtaíocht isteach ó 1965 i leith lenar féachadh le caighdeán arda a áirithiú sa taighde ar chógais leighis agus i monaraíocht na gcógas leighis, chomh maith le comhchuíbhíú a dhéanamh ar nósanna imeachta náisiúnta i gceadúnú drugaí agus rialacha a thabhairt isteach i dtaca le fógraíocht, lipéadú agus dáileadh. In 2011, d'fhormheas an Pharlaimint an 'Pacáiste Cógaisíochta' a bhain le faireachas cógas, i measc nithe eile.
- Taighde: Téann cláir thaighde i gcúrsaí liachta agus sláinte poiblí siar go dtí 1978, agus chlúdaigh siad ábhair ar nós dul in aois, fadhbanna sláinte a bhaineann leis an gcomhshaol agus le nósanna maireachtála, rioscaí radaíochta agus anailís ar ghéanóm an duine, le fócas speisialta ar mhórghalair. Chuathas i ngleic leis na saincheisteanna sláinte sin agus le topaicí eile a bheith ag teacht chun cinn i 7ú Creatchlár AE. Rinneadh tuilleadh oibre air sin faoi chuimsiú an chláir a tháinig ina dhiaidh, eadhon Fís 2020.
- Cúnamh frithpháirteach: Chomhaontaigh na Ballstáit cúnamh frithpháirteach a thairiscint i gcás ina dtarlódh tubaiste nó breoiteacht fhíor-thromchúiseach. Bhí go



leor saincheisteanna den sórt sin ina mór-ábhar buartha don phobal leis an dá dheichbhliain seo caite: 'galar na bó buile' (BSE), fliú na muc, fliú H1N1, víreas Zika agus cinn eile nach iad.

- In 2013, shainigh an Pharlaimint an seasamh a bhí aici ina leith sin nuair a glacadh reachtaíocht ar sholáthar cúraim sláinte trasteorann agus leis an athbhreithniú ar an gcreat dlíthiúil maidir le feistí leighis agus ardteiripí (a bhfuiltear ag feitheamh ar chomhaontú leis an gComhairle ina leith sin).

Maidir leis na gníomhaíochtaí sin a rinneadh roimhe seo as ar lean struchtúr bheartas sláinte AE atá anois ann, bhí siad go mór faoi anáil ag roinnt tionscnamh fócasaithe. Nuair a chonacthas go raibh andúil i ndrugaí, ailse agus SEIF (i measc nithe eile) ina saincheisteanna móra sláinte, agus leis an méadú leanúnach a bheith ag teacht ar shaorghluaiseacht othar agus gairmithe sláinte laistigh den Aontas, tuigeadh go mbeadh áit níos tábhachtaí ná riamh ag an tsláinte poiblí ar chlár oibre an Aontais. I measc na mórthionscnamh a seoladh, bhí na cláir 'An Eoraip i gcoinne Ailse' agus 'An Eoraip i gcoinne SEIF' (1987 agus 1991, faoi seach). Sa bhreis air sin, ghlac na hairí sláinte sa Chomhairle roinnt rún lárnach maidir leis an mbeartas poiblí, leis an tsláinte agus leis an gcomhshaol agus maidir le faireachán agus faireachas ar ghair thógálacha. In 1993, d'fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht maidir le creat le haghaidh gníomhaíochta i réimse na sláinte poiblí, inar sainithníodh ocht réimse a mbeadh gníomhaíocht le déanamh iontu agus ar an tslí sin leagadh síos an bunús don chéad chlár ilbhliantúil sláinte poiblí agus do na cláir eile a lean é:

- Cur chun cinn na sláinte: nósanna maireachtála sláintiúla; cothú; deochanna meisciúla, tobac agus drugaí; agus cógais.
- Faireachán ar an tsláinte: clár bunaithe ar chomhar, lena n-áirítear lárionad le haghaidh bailiú sonraí.
- 'An Eoraip i gcoinne Ailse': staidéir agus taighde eipidéimeolaíochta.
- Drugaí: Lárionad AE i Liospón; Coinbhinsiún NA; teagmhálacha déthaobhacha le tíortha táirgíochta.
- SEIF agus galair thógálacha: faisnéis, oideachas agus bearta coisctheacha.
- Gortuithe a chosc: timpistí fóillíochta; fócas ar leanaí, ar dhaoine ógánta agus ar dhaoine scothaosta.
- Galair thruailliú-ghaolmhara: sonraí feabhsaithe; géarchúis rioscaí; fócas ar riochtaí riospráide agus ailléirgí.
- Galair neamhchoitianta: bunachar sonraí AE; malartú faisnéise; luathbhrath.

Rinneadh na hocht gclár thuasluaite a chur chun feidhme idir 1996 agus 2002. Nuair a rinneadh an clár a mheas, fuarthas go bhféadfadh sé go ndearna leagan amach foriomlán na gclár a n-éifeachtacht a shrianadh i ngeall ar éifeacht an chaolaithe a bhí ag an gcur chuige tabhairt faoi ar bhonn galar ar ghalar. Measadh go raibh gá le cur chuige níos cothrománaí agus níos idirdhisciplíní agus tríd an gcur chuige sin go mbeadh breisluach ag gabháil le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais. Tháinig scéim chothrománach comhtháite aonair, Clár Sláinte Poiblí AE 2003-2008, in ionad na n-ocht gclár ar leithligh sin a bhí ann ar dtús agus glacadh an Clár Sláinte trí



chomhchinnteoireacht. Ba é an dara céim ná an Clár le haghaidh Gníomhaíocht Chomhphobail i réimse na Sláinte agus Chosaint an Tomhaltóra 2007-2013, a raibh buiséad de EUR 312 milliún ag gabháil leis. Is Sláinte i leith Fáis a thugtar ar an gclár reatha, arb é sin a tríú céim, agus clúdaíonn sé an tréimhse 2014-2020.

B. Na forbairtí is déanaí

Le blianta beag anuas, dhírigh na hinstiúidí isteach ar thrí ghné lárnacha a bhfuil ciallachais dhíreacha acu do bheartais sláinte poiblí:

1. Comhdhlúthú an chreata instiúidigh

Tá ról na Parlaiminte mar chomhlacht cinnteoireachta (trí bhíthin comhchinnteoireachta leis an gComhairle) atreisithe i ndáil le saincheisteanna a bhaineann leis an tsláinte, leis an gcomhshaol, le sábháilteacht bia agus le cosaint an tomhaltóra. Tá mionchoigeartú déanta ar an gcaoi a seolann an Coimisiún tionscnaimh reachtacha, óir gurb ann anois do nósanna imeachta comhairliúcháin caighdeánaithe idir seirbhísí, do rialacha nua coisteolaíochta, agus d'idirphlé leis an tsochaí shibhialta agus le saineolaithe. Ar deireadh, tá feabhas curtha ar an ról a bhíonn ag na gníomhaireachtaí (EMA, ECDC, EFSA), agus rinneadh an méid sin go sonrath tríd an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin um Shláinte agus Thomhaltóirí (EAHC) a chruthú in 2005, a bhfuil sé mar chúram uirthi Clár Sláinte AE a chur chun feidhme.

2. An gá atá le hacmhainneacht mearfhreagartha a neartú

Feictear anois go bhfuil sé bunriachtanach don Aontas acmhainneacht mearfhreagartha a bheith aige chun freagairt do mhórbhagairtí sláinte ar bhealach comhordaithe, go háirithe i bhfianaise na bagartha ón mbithsceimhlitheoireacht agus an baol atá ann go mbeadh eipidéimí domhanda ann sa ré seo ina bhfágann an meariompar domhanda é níos éasca ag galair scaipeadh.

3. An gá atá le comhordú feabhsaithe i leith chur chun cinn na sláinte agus i leith galair a chosc

Is é an aidhm atá ann ná dul i ngleic leis na cúiseanna is mó is siocair le drochshláinte a bhaineann le nósanna maireachtála pearsanta agus le tosca eacnamaíochta agus comhshaoil (truailiú ó lotnaidicídí, miotail throma, suaiteoirí inchríneacha). Thar aon rud eile, tá dlúthchomhar leis na réimsí beartais AE eile, amhail an comhshaol, iompar, talmhaíocht agus forbairt eacnamaíochta, i gceist leis seo. Sa bhreis air sin, ciallaíonn sé go bhfuil comhar níos dlúithe leis na páirtithe leasmhara uile ann agus tuilleadh oscailteachta agus trédhearcachta sa chinnteoireacht. Tionscnamh atá lárnach dó seo is ea sásra comhairliúcháin phoiblí maidir le cúrsaí sláinte a chur ar bun.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Bhí an Pharlaimint go leanúnach i bhfách le beartas sláinte poiblí comhleanúnach a bhunú. D'fhéach sí freisin leis an mbeartas sláinte a neartú agus a chur chun cinn tríd an iliomad tuairimí, staidéar, díospóireachtaí, dearbhuithe i scríbhinn agus tuarascálacha féintionscnaimh maidir le raon leathan saincheisteanna, lena n-áirítear: straitéis sláinte AE; radaíocht; cosaint d'othair a bhfuil cóir leighis á cur orthu nó a bhfuil fáthmheas á thabhairt dóibh; faisnéis agus staidreamh ar an tsláinte; urraim don bheatha agus cúram do dhaoine a bhfuil galar a mbáis orthu; Cairt Eorpach maidir



le leanaí san ospidéal; tosca sláinte; biteicneolaíocht, lena n-áirítear trasphlanduithe ceall, fíochán agus orgán, mar aon le máithreachd ionaid; galair neamhchoitianta; sábháilteacht agus neamhthuilleamaíocht sa soláthar fola le haghaidh fuilaitríthe agus chun críocha liachta eile; ailse; hormóin agus suaiteoirí inchríneacha; réimsí leictreamaighnéadacha; drugaí agus a dtionchar ar an tsláinte; tobac agus a bheith ag caitheamh; ailse chíce agus, go sonrach, sláinte na mban; radaíocht ianúcháin; an 'Cárta Eorpach Sláinte' (ar a bhfuil sonraí bunriachtanacha liachta a bhféadfaidh dochtúir ar bith iad a léamh); cothú agus aiste bia, agus a dtionchar ar an tsláinte; BSE agus ar lean é, mar aon le sábháilteacht bia agus rioscaí don tsláinte; seirbhísí ríomhshláinte agus teililighis; frithsheasmhacht in aghaidh ábhair antaibheathacha; biteicneolaíocht agus a ciallachais liachta, feistí leighis; cúram sláinte trasteorann; galar Alzheimer agus néaltruíthe eile; cógais leighis chomhlántacha agus malartacha (CCM); ullmhacht do fhliú paindéamach H1N1; frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha; agus ardteiripí.

Bhí an Clár le haghaidh Gníomhaíocht Chomhphobail i réimse na Sláinte agus Chosaint an Tomhaltóra 2007-2013 bunaithe ar an straitéis dar teideal 'Saoránaigh níos sláintiúla, níos sábháilte agus níos muiníní: straitéis um shláinte agus chosaint an tomhaltóra', a glacadh in 2007 agus a bhí bunaithe ar cheithre phrionsabal: 'Straitéis bunaithe ar luachanna sláinte comhroinnte'; 'Is í an tsláinte an séad is luachmhaire'; 'Sláinte sna beartais uile (SBU)'; agus 'Guth an Aontais sa tsláinte dhomhanda a neartú'. Is iad na cuspóirí a bhí aige ná: dea-shláinte a chothú in Eoraip a bhfuil méadú ag teacht ar líon na ndaoine scothaosta inti; saoránaigh a chosaint ar bhagairtí sláinte; agus tacú le córais sláinte fuinniúla agus le nuatheicneolaíochtaí. Leithdháileadh buiséad de EUR 321.5 milliún ar an gclár sin, rud a léiríonn an tábhacht a measadh a bheith leis an réimse seo (in ainneoin go raibh an figiúr deiridh sin i bhfad níos lú ná na méideanna a bhí molta ag an bParlaimint).

Is é an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) príomhghníomhaí na Parlaiminte i gcúrsaí sláinte. Is é a dhéanann os cionn an tríú cuid de ghníomhaíocht reachtach iomlán na Parlaiminte. Sna téarmaí parlaiminteacha roimhe seo agus sa téarma parlaiminteach reatha, bhí agus tá ról gníomhach ag an Meitheal Shláinte laistigh de ENVI maidir le malartuithe idir FPEnna agus saineolaithe gairmiúla a chur chun cinn i dtaobh fhorhmór na saincheistanna sláinte reatha, agus déanann sí an méid sin trí cheardlanna téamacha a eagrú.

In 2013, d'fhorhmeas an Pharlaimint an t-athbhreithniú ar chreat AE maidir le réimse na dtástálacha clínicíúla, a bhfacthas in imeacht ama nach raibh sé fabhrach i leith cóireálacha nua a fhorbairt mar gheall ar rialacha a bhí míchuí ó thaobh déine de.

Maidir le Straitéis Sláinte AE dar teideal 'Ag obair i gcomhar a chéile ar mhaithe le Sláinte', tacaíonn sí leis an straitéis foriomlán 'Eoraip 2020', a bhfuil sé mar aidhm léi geilleagar cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a dhéanamh den Aontas trína ndéantar an fás a chur chun cinn do chách – agus réamhriachtanas amháin lena aghaidh sin is ea go mbeadh an pobal in ard a shláinte. In 2014, cuireadh tús leis an tríú clár sláinte, a raibh sé mar aidhm leis an tsláinte a chothú san Eoraip trí chomhar a spreagadh idir tíortha AE chun feabhas a chur ar na beartais sláinte a théann chun sochair do na saoránaigh agus freisin trí chomhthiomsú acmhainní a spreagadh. Is 'Sláinte i leith Fáis' an teideal atá ar an gclár agus clúdaíonn a chreat ama an tréimhse



2014-2020. Maidir leis an gclár deiridh a formheasadh, tháinig ann dó mar thoradh ar chaibidlíochtaí rathúla idir an Coimisiún, an Pharlaimint agus an Chomhairle i dtaca le trí phríomh-shaincheist: imchlúdach an bhuiséid, na modúlachtaí le haghaidh cláir oibre bliantúla a ghlacadh, agus cómhaoiniú ar ghníomhaíochtaí comhpháirteacha atá dírithe ar dhreasachtaí a chruthú d'fheabhsú rannpháirtíochta na mBallstát nach bhfuil chomh rachmasach sin. Tá beagnach EUR 450 milliún ag gabháil leis an mbuiséad foriomlán.

In 2016, tá an Pharlaimint ag obair faoi láthair ar thuarascáil féintionscnaimh maidir le 'Roghanna AE chun feabhas a chur ar rochtain ar chóigais leighis', a bhaineann leis na cearta bunúsacha atá ag saoránaigh ar chóir leighis, le praghsanna méadaitheach na gcógais leighis agus leis na bacainní atá ar othair agus iad ag iarraidh táirgí a rochtain mar gheall ar ghanntanais de chóigais bhunriachtanacha agus saofaí eile sa mhargadh cóigaisíochta.

Treocht shoiléir eile a fheictear i réimse na sláinte is ea go bhfuil méadú ag teacht ar ghlacadh na dteicneolaíochtaí faisnéise agus go bhfuil úsáid fhorleathan á baint as feistí móibíleacha (fóin chliste agus táibléid) mar aon le feidhmchláir chliste, rud a thugann an deis do na gníomhaithe uile sa réimse tairbhe a bhaint as nascthacht uileláithreach oíche agus lá. Tá an Pharlaimint ina comhpháirtí gníomhach sna díospóireachtaí i dtaca leis na staideanna éagsúla a d'fhéadfadh teacht chun cinn sna ríomhsheirbhísí sláinte agus sna móibílsheirbhísí Sláinte.

[Marcelo Sosa Iudicissa / Purificación Tejedor del Real](#)
05/2019

